



An Bhruiséil, 16 Samhain 2023  
(OR. en)

15177/23

LIMITE

CLIMA 562  
ENV 1317  
ENER 623  
COTRA 35  
CDN 8  
RECH 507  
FIN 1169

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

---

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	An Chomhghuaillíocht Ghlas idir an tAontas Eorpach agus Ceanada atá le síniú ag an gCoimisiún Eorpach thar ceann an Aontais Eorpaigh agus rannpháirtíocht an Aontais sa Dúshlán Domhanda maidir le Praghsáil Carbóin – Údarú chun ionstraim neamhcheangailteach a shíniú

---

1. An 18 Meán Fómhair 2023, d'fhorghas an Chomhairle, faoi chuimsiú an nós imeachta le haghaidh ionstraimí neamhcheangailteacha, rún an Choimisiúin, a leagtar amach in 9137/23, Comhghuaillíocht Ghlas a bhunú le Ceanada.
2. An 30 Deireadh Fómhair 2023, chuir an Coimisiún nóta faoi bhráid na Comhairle, mar an dara céim den nós imeachta le haghaidh ionstraimí neamhcheangailteacha, a raibh dhá iarscríbhinn ann: Iarscríbhinn 1 le téacs ina leagtar amach dréacht den Chomhghuaillíocht Ghlas idir an tAontas Eorpach agus Ceanada; agus Iarscríbhinn 2 a bhfuil cúlra ann faoin Dúshlán Domhanda maidir le Praghsáil Carbóin. Is mar 14927/23 a scaipeadh an nóta sin.

3. An 10 Samhain 2023, scrúdaigh an Mheitheal um an gComhshaol an nóta thuasluaite ón gCoimisiún agus chuir sí barúlacha in iúl maidir le hIarscríbhinn 1. Bunaithe ar na barúlacha a tugadh agus tar éis tuilleadh caibidlíochta le Ceanada, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar Iarscríbhinn 1 mar a leagtar amach in 15459/23 í.
4. An 14 Samhain 2023, scrúdaigh an Mheitheal um an gComhshaol an leagan athbhreithnithe d'Iarscríbhinn 1. Comhaontaíodh an téacs mar a leagtar amach in 15459/23 é tar éis an chruinnithe sin.
5. Dá bhrí sin, agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle a údarú don Choimisiún an Chomhghuaillíocht Ghlas idir an tAontas Eorpach agus Ceanada a shíniú agus a bheith rannpháirteach sa Dúshlán Domhanda maidir le Praghsáil Carbóin thar ceann an Aontais Eorpaigh, mar a leagtar amach in 15459/23 + COR1 é.